

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14846/26

EF 276
ECOFIN 1355
DELECT 166

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7016 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 8.10.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann le ríomh simplithe an chorrlaigh riosca

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7016 final.

Faoi iamh: C(2026) 7016 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2026
C(2026) 7016 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 8.10.2026

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann le ríomh
simplithe an chorrlaigh riosca**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 77(1) de Threoir 2009/138/CE¹ (Treoir maidir le Sócmhainneacht II'), foráiltear go mbeidh luach fhorálacha teicniúla gnóthais árachais nó athárachais cothrom le suim an mheastacháin is fearr agus an chorrlaigh riosca. Is é is cuspóir don chorrach riosca a áirithiú go bhfuil dóthain sócmhainní ag gnóthas chun a chuid oibleagáidí a aistriú go sábháilte chuig árachóir eile más gá, gan sealbhóirí polasaí a chur i mbaoil. Le hAirteagal 77(5) den Treoir maidir le Sócmhainneacht II, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2², foráiltear go n-áireofar san fhoirmle chun an corrlach riosca a ríomh fachtóir easpóntantúil atá spleách ar an am chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh. Is é is cuspóir don chomhpháirt nua seo a thabhairt isteach íogaireacht an chorrlaigh riosca i leith athruithe ar an ráta úis le haghaidh dliteanais fhadtéarmacha a laghdú.

De bhun an chumhachtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 86(1), pointe (d), den Treoir maidir le Sócmhainneacht II, le hAirteagal 37(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35³ ón gCoimisiún ('an Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II'), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269 ón gCoimisiún⁴, tugtar isteach an chomhpháirt nua sin san fhoirmle chun an corrlach riosca a ríomh agus socraítear luach an fhachtóra sin atá spleách ar an am ag 96 %, fachtóir a laghdaítear i ndáil le gach bliain réamh-mheastacháin go dtí íosráta forordaithe 50 %.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais an corrlach riosca a ríomh trí úsáid a bhaint as modhanna simplithe lena neasaítear comhpháirteanna na foirmle seo. Leagtar amach in Airteagal 58 den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II na sonraíochtaí maidir le ríomh simplithe an chorrlaigh riosca. Is gá an tAirteagal sin a leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na leasuithe thuasluaite a tugadh isteach in Airteagal 77(5) den Treoir maidir le Sócmhainneacht II agus in Airteagal 37(1) den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II.

Tá Airteagal 58 den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II bunaithe ar an gcumhachtú a dheonaítear don Choimisiún faoi Airteagal 86(2), pointe (b), den Treoir maidir le Sócmhainneacht II chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh arna bhforbairt ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) maidir le modhanna ríofa simplithe. Baineadh úsáid as an gcumhachtú sin den chéad uair in 2015 agus an Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II á ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar

¹ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

² Treoir (AE) 2025/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí macrastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta agus maoirseacht ghrúpa agus trasteorann, agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE agus 2013/34/AE (IO L, 2025/2, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2/oj>).

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L12, 17.1.2015, lgh. 1-797, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/35/oj).

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann le forálacha teicniúla, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, cistí dílse, riosca cothromais, riosca raoin difríochta maidir le suíomhanna urrúsúcháin, ceanglais chaipitil san fhoirmle chaighdeánach eile, tuairisciú agus nochtadh, comhréireacht agus grúphsóchainneacht (IO L, 2026/269, 18.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/269/oj).

síos in Airteagal 301b(1) den Treoir sin. Foráiltear leis an nós imeachta sin gur cheart gur i bhfoirm gníomhartha tarmligthe de chuid an Choimisiúin de bhun Airteagal 301a a bheadh na caighdeáin theicniúla rialála a glacadh go dtí an 24 Bealtaine 2016. Aon leasú tar éis an dáta sin, de réir an dara habairt d'Airteagal 301b(1), ba cheart é a ghlacadh trí chaighdeáin theicniúla rialála. Dá bhrí sin, leis an gcaighdeán teicniúil rialála atá ann faoi láthair leasaítear Airteagal 58 den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ÚEÁPC comhairliúchán poiblí idir an 9 Deireadh Fómhair 2025 agus an 5 Eanáir 2026 maidir leis an dréachtchaighdeán teicniúil rialála lena leasaítear an Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II. Reáchtáladh imeacht le páirtithe leasmhara an 10 Nollaig 2025 chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Thug páirtí leasmhar amháin aiseolas le linn an chomhairliúcháin. Bunaithe ar an aiseolas sin, leasaíodh an dáta cur i bhfeidhm.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an Rialachán Tarmligthe seo de bhun Airteagal 86(2), pointe (b), den Treoir maidir le Sócmhainneacht II.

Leasaítear leis Airteagal 58 den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an bhfoirmle nuashonraithe maidir leis an gcorrlach riosca a leagtar amach in Airteagal 37(1) den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269 ón gCoimisiún.

Le modh simplithe ríofa an chorrílaigh riosca dá dtagraítear in Airteagal 58, pointe (b), den Rialachán Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II, déantar crostagairt do chomhpháirteanna na foirmle chun an corrlach riosca a leagtar síos in Airteagal 37(1) den Rialachán sin a ríomh. Ós rud é gur tugadh isteach comhpháirt nua atá spleách ar am san fhoirmle sin, leasaítear foclaíocht Airteagal 58, pointe (b), chun struchtúr nua na foirmle a léiriú.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 8.10.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann le ríomh simplithe an chorrlaigh riosca

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú, (Sócmhainneacht II)⁵, agus go háirithe Airteagal 86(2), pointe (b), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An fhoirmle chun corrlach riosca gnóthas árachais agus athárachais a ríomh a leagtar amach in Airteagal 37(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún⁶, leasaítear í le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269 ón gCoimisiún⁷ le héifeacht ón 30 Eanáir 2027. Chun a áirithiú, maidir le ríomh simplithe an corrlaigh riosca a leagtar amach in Airteagal 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, go bhfuil na modhanna comhsheasmhach leis na hathruithe a tugadh isteach san fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 37(1) den Rialachán Tarmligthe sin, is gá Airteagal 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a leasú.
- (2) Tá an Rialachán seo bunaithe ar an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde faoi bhráid an Choimisiúin.
- (3) Reáchtáil an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis an dréachtchaighdeán teicniúil rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

⁵ IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>.

⁶ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L12, 17.1.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/35/oj).

⁷ Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a mhéid a bhaineann le forálacha teicniúla, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, cistí dílse, riosca cothromais, riosca raoin difríochta maidir le suíomhanna urrúsúcháin, ceanglais chaipitil san fhoirmle chaighdeánach eile, tuairisciú agus nochtadh, comhréireacht agus grúpsócmhainneacht (IO L, 2026/269, 18.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/269/oj).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde),

- (4) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chun é a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/269.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35

In Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) modhanna lena neasaítear an tsuim a áirítear san fhoirmle a leagtar amach in Airteagal 37(1) gan gach ceann de na téarmaí i suimiúchán na suime sin a ríomh ar leithligh.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN